An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business,
Enterprise and Innovation

GETTING IRELAND BREXIT READY

Seicliosta d'Ullmhacht Brexit

Custam

- ☐ Cláraigh leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh d'uimhir EORI chun trádáil leis an Ríocht Aontaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2021
- ☐ Faigh amach cad a theastaíonn chun foirmiúlachtaí custaim a chomhlánú agus cinn má dhéantar iad a chomhlánú go hinmheánach nó trí ghníomhaire/bhróicéir custaim
- ☐ Breathnaigh ar an mbeidh tú freagrach as foirmiúlachtaí custaim a chomhlánú sa Ríocht Aontaithe agus conas a eagrófar é sin
- ☐ Seiceáil údaruithe agus simplí custaim a fheidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim a d'fhéadfaí a bheith úsáideach agus foirmiúlachtaí custaim á gcomhlánú, amhail an córais maidir le híocaíocht iarchurtha ar dhleachtanna allmhairí
- ☐ Breithnigh na himpleachtaí sreafa airgid maidir le dleachtanna allmhairí, CBL agus mál ar earraí a allmhairítear ón Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh)

Rialuithe Eile

- ☐ Faigh amach cad iad na rialuithe sláintíochta agus fíteashláintíochta a theastaíonn le haghaidh ainmhithe beo, plandaí agus táirgí de bhunadh ainmhíoch agus plandaí (lena n-áirítear adhmad agus táirgí adhmaid)
- ☐ Cláraigh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara mar allmhaireoir nó mar onnmhaireoir ainmhithe beo, plandaí agus táirgí de bhunadh ainmníoch agus plandaí
- ☐ Déan teagmháil le Seirbhís Sláinte Comhshaoil FSS maidir le bia de bhunadh plandaí de réir mar is infheidhme
- ☐ Cinntigh go mbaineann tusa agus do sholáthraithe sa Ríocht Aontaithe úsáid as na pailéid adhmaid chaighdeánacha ar an gcaighdeán idirnáisiúnta ISPM 15 le haghaidh allmhairí agus onnmhairí earraí

Comhlíonadh Táirgí

- ☐ Cinntigh go gcomhlíonann tú na ceanglais rialála allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, go háirithe má bhíonn tú ag allmhairiú/dáileadh earraí ón Ríocht Aontaithe i ndiaidh Brexit
- ☐ Cinntigh go mbeidh na hearraí allmhairithe lipéadaithe agus marcáilte mar is ceart faoi dhlí AE
- ☐ Má bhaineann tú úsáid as comhlacht a dtugtar fógra dó sa Ríocht Aontaithe maidir le measúnú comhréireachta beidh ort aistriú go dtí comhlacht AE eile a dtugtar fógra dó. Tá liosta de chomhlachtaí AE a dtugtar fógra dóibh ar fáil ar bhunachar sonraí NANDO an Choimisiúin

Slabhra Soláthair

- ☐ Mapáil do shlabhra soláthair le haghaidh earraí a bheidh ag dul go dtí an Ríocht Aontaithe, a bheidh ag teacht ón Ríocht Aontaithe nó a bheidh ag dul tríd an Ríocht Aontaithe lena n-áirítear an bealach go dtí an ceann scríbe deiridh
- ☐ Seiceáil costais an tslabhra soláthair agus impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann e.g. taraifí, foirmiúlachtaí custaim agus lóistíocht iompair
- ☐ Faigh dearbhuithe ó do sholáthraithe/dháileoirí chun leanúnachas soláthair a chinntiú nó breathnaigh ar roghanna eile e.g. soláthraí a athrú i margadh eile
- ☐ Athbhreithnigh téarmaí conarthaí le do sholáthraithe agus do chustaiméirí sa Ríocht Aontaithe
- ☐ Faigh tionscnamh comhpháirteanna táirge amach toisc go bhféadfadh sé nach dtionscnaíonn roinnt earraí a thagann as an Ríocht Aontaithe as an Ríocht Aontaithe agus d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar na dleachtanna agus na taraifí is iníoctha ar an táirge deiridh
- ☐ Cuir eolas ort féin faoi na doiciméid ábhartha chun stádas tionscnaimh d'earraí a léiriú

Bainistíocht Airgeadais

- ☐ An bhfuil do ráta malairte €/£ cóimheá maidir le gnó a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe ar eolas agat agus an ndearna tú na bearta is cuí chun do nochtadh a laghdú, e.g. fálú airgeadra?
- ☐ Bain leas as tacaíochtaí airgeadais an Rialtais chun cuidiú leat do shreabhadh airgid thirim a bhainistiú e.g. trí leas a bhaint as Scéim Iasachta Brexit agus an Scéim Iasachta d'Fhás Amach Anseo
- ☐ Féach ar an réimse tacaíochtaí fiontraíochta agus airgeadais atá ar fáil do ghnólachtaí chun freastal ar dhúshláin a bhaineann le Brexit faoi Thacaíocht agus Comhairle ón Rialtas ar an mbileog seo

Chomh maith leis sin

- ☐ Bí cinnte go bhfuil cosaintí imleora i bhfeidhm ionas gur féidir leat leanúint le sonraí pearsanta a aistriú má bhaineann do ghnó le haistriú sonraí pearsanta chuig an Ríocht Aontaithe nó uaithi
- ☐ Déan na bearta is cuí chun cosaint leanúnach ceart maoine intleachtúla sa Ríocht Aontaithe a chinntiú
- ☐ Déan iarratas ar cheadúnas/údaruithe in AE-27 má bhí do ghnólacht ag brath orthu siúd ó údaráis na Ríochta Aontaithe, nó aistrigh na ceadúnais/údaruithe sin arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe chuig údarás AE-27
- ☐ Má tá comhlacht ionadaíoch trádála agat déan teagmháil leis an gcomhlacht sin chun tuilleadh faisnéise a fháil

Tacaíocht agus Comhairle ón Rialtas

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Comhairle agus Treoir ón Rialtas

- Áireamhán Tionchair Airgeadra de chuid Fhiontraíocht Éireann
- Cúrsa ar Líne um Léargas Custaim de chuid Fhiontraíocht Éireann
- Clár Meantóireachta Brexit na nOifigí Fiontair Áitiúil
- Seirbhís Chomhairleach Brexit Idir-Thrádáil Éireann
- Seiceálaí Taraif ÍIdir-Thrádáil Éireann
- Ábhar Digiteach Brexit Idir-Thrádáil Éireann
- Treoir an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Oiliúint ar Imréitigh Custam Skillnet Ireland

Tacaíochtaí Airgeadais

- Scéim Iasachta Brexit Éireann
- Scéim Iasachta d'Fhás Amach Anseo
- Dearbháin Tosaigh ag Pleanáil Idir-Thrádáil Éireann
- Deontas 'Bí Réidh' de chuid Fhiontraíocht Éireann
- Ciste Fionnachtana Margaidh Fhiontraíocht
- Gníomhaigh ar do Stuaim Féin de chuid Fhiontraíocht Éireann
- Réidh i gcomhair Custaim de chuid Fhiontraíocht Éireann

Ag ullmhú le haghaidh Socruithe úra Custaim

Chomh maith leis an gcomhairle faoi athruithe ar shocruithe custaim a thairgtear trí Fhiontraíocht Éireann, na hOifigí Fiontar Áitiúil, Idir-Thrádáil Éireann, Skillnet Ireland agus Bord Bia, tá faisnéis maidir le foirmiúlachtaí Custaim ar fáil ag: www.revenue.ie/brexit

Ag ullmhú le haghaidh na n-athruithe sa Reachtaíocht agus i gCaighdeáin

Soláthraíonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) tacaíocht agus comhairle do chuideachtaí Éireannacha i ndáil le hoibleagáidí reachtacha maidir le hearraí agus táirgí amhail innealra ceimiceán, trealamh brú, trealamh brú iniompartha, ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta, TPC, trealamh a úsáidtear in atmaisféir phléascacha, agus maidir le creidiúnú agus leas a bhaint as comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh.

Soláthraíonn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) comhairle ar an dóigh is fearr lena chinntiú go bhfuil gnólachtaí deimhnithe ar na caighdeáin iomchuí chun margaí a rochtain.

Fiontraíocht Éireann	www.enterprise-ireland.com brexitunit@enterprise-ireland.com 01 727 2727
Oifigí Fiontair Áitiúil	www.localenterprise.ie
Idir-Thrádáil Éireann	www.intertradeireland.com brexit@intertradeireland.com 048 3083 4100 (028 from NI)
IDA Éireann	www.idaireland.com brexit@ida.ie 01 603 4000
Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann	www.sbci.gov.ie info@sbci.gov.ie 01 238 4000
Micrea-Airgeadas Éireann	www.microfinanceireland.ie info@microfinanceireland.ie 01 260 1007
Skillnet Éireann	www.skillnetireland.ie info@skillnetireland.ie 01 207 9630

Coimisinéirí Ioncaim	www.revenue.ie/brexit brexitqueries@revenue.ie 01 738 3685
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	www.agriculture.gov.ie brexitcall@agriculture.gov.ie 076 106 4443
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta	www.dbei.gov.ie info@dbei.gov.ie 01 631 2121
Bord Bia	www.bordbia.ie brexit@bordbia.ie
Fáilte Éireann	www.failteireland.ie info@failteireland.ie 01 884 7101

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	www.hsa.ie wcu@hsa.ie 1890 289 389
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann	www.nsai.ie BrexitUnit@nsai.ie 01 807 3800
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	www.ccpc.ie 01 402 5555
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	www.hse.ie hselive@hse.ie 041 685 0300
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	www.fsai.ie brexit@fsai.ie 01 817 1300

TUILLEADH EOLAIS
Téigh chuig **www.gov.ie/brexit**